Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15441/22**

**COMPET 969**
**TOUR 78**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 1 Nollaig 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14683/22 + COR1 |
| Ábhar: | An Clár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 1 Nollaig 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030, a ghlac an Chomhairle ag an 3914ú cruinniú a bhí aici an 1 Nollaig 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Clár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

1. AG FÉACHAINT d'Airteagail 195 agus 6 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir leis an Aontas a bheith ag tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát i réimse na turasóireachta agus ag déanamh comhordú agus forlíonadh orthu, agus aird chuí á tabhairt ar réimsí inniúlachta faoi seach na mBallstát agus an Aontais, agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

2. AG MEABHRÚ DI

   – na conclúidí uaithi maidir le hiomaíochas na hearnála turasóireachta mar thionscnóir an fháis inbhuanaithe, post agus an chomhtháthaithe shóisialta san Aontas sna deich mbliana atá romhainn, an 27 Bealtaine 2019[1];

   – na conclúidí uaithi dar teideal 'Turasóireacht san Eoraip don chéad deacáid eile: inbhuanaithe, athléimneach, digiteach, domhanda agus sóisialta' an 27 Bealtaine 2021[2], inar iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i bpáirt leis na geallsealbhóirí ábhartha, Clár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030/2050 a cheapadh;

   – na conclúidí uaithi maidir le Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal '*EU Support to tourism: Need for a fresh strategic orientation and a better funding approach* [Tacaíocht an Aontais don turasóireacht: treoshuíomh straitéiseach nua mar aon le cur chuige cistiúcháin níos fearr de dhíth] an 3 Márta 2022[3].

---

[1] 9707/19.
[2] 8881/21.
[3] 6829/22.

3. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil rún daingean aici an turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus príomhghnéithe uile na hinbhuanaitheachta eacnamaíche, comhshaoil, cultúrtha agus sóisialta á gcur san áireamh, mar fhreagairt ar an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta, i measc tosca eile, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a thiomantas tacú leis an turasóireacht lena gcruthaítear poist inbhuanaithe agus lena gcuirtear cultúr, táirgí agus seirbhísí áitiúla chun cinn.

4. AITHNÍONN SÍ go gcuireann an turasóireacht go mór leis an bhforbairt eacnamaíoch ar fud na hEorpa agus gur féidir léi cabhrú le cuspóirí beartais éagsúla an Aontais, le bearta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaint amach a bhuí leis na gnéithe cothrománacha eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann léi agus leis an gcóimheas ard idir micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a fheidhmíonn go díreach nó go hindíreach feadh shlabhra luacha na turasóireachta; IS FEASACH DI gur minic a bhíonn tionchar ag réimsí beartais éagsúla AE, amhail iompar, fostaíocht nó cosaint tomhaltóirí, ar an éiceachóras turasóireachta, mar gheall ar an nádúr trasearnálach atá aici.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an toradh a bhí ar an bpróiseas comhchruthaitheachta leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí atá faoi stiúir an Choimisiúin sa Chonair Aistrithe le haghaidh na Turasóireachta[4] mar obair leantach ar an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: building a stronger single market for Europe's recovery*[5] [An straitéis nua tionsclaíochta don Eoraip a nuashonrú: Margadh aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa].

6. AITHNÍONN sí an obair atá déanta ag an gCoimisiún, ag na Ballstáit agus ag na geallsealbhóirí chun bonn a chur faoin gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030 tríd an bpróiseas comhchruthaithe mar a leagtar amach sna conclúidí seo; sa chomhthéacs sin, cuireann sí in iúl gur maith an túsphointe é próiseas an chur chun feidhme chomhpháirtigh, mar chuid den Chonair Aistrithe le haghaidh na Turasóireachta, chun an comhar a neartú i measc geallsealbhóirí turasóireachta, an Coimisiún agus na Ballstáit.

---

[4] 10089/21.

[5] 8553/21.

7. CUIREANN SÍ i bhfáth a thábhachtaí atá sé éiceachóras turasóireachta inbhuanaithe, nuálach agus athléimneach a chur chun cinn, i bhfianaise an mhéid seo a leanas:

– Tá an tAontas Eorpach ar cheann de na cinn scríbe is fearr do chuairteoirí idirnáisiúnta agus dá chónaitheoirí féin araon;

– in 2019, roimh phaindéim COVID-19, b'ionann éiceachóras turasóireachta an Aontais agus 12.9 % d'oll-bhreisluach an Aontais agus 15.8 % den fhostaíocht;

– leis an bpaindéim, tá laghdú suas le 80 % den ghlanluach tagtha ar ioncam paindéime fo-earnálacha áirithe agus cuireadh isteach ar thuairim agus 11 mhilliún post san éiceachóras turasóireachta san Aontas cheana féin in 2020;

– tá an t-éiceachóras turasóireachta comhdhéanta de roinnt earnálacha eacnamaíocha, a bhfuil a gcur chuige earnála féin acu, agus inar micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide tuairim agus 99 % acu.

**Tionchar na ngéarchéimeanna is déanaí ar thurasóireacht**

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go raibh tionchar fíorthubaisteach ag paindéim COVID-19 ar an éiceachóras turasóireachta agus gur eascair caillteanais móra ioncaim, fostaíochta agus foirne aisti.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS gur deis é an t-éiceachóras turasóireachta a athoscailt agus a atosú chun céim téarnaimh COVID-19 a ghiaráil le haghaidh claochlú glas digiteach i dtreo éiceachóras turasóireachta níos athléimní.

10. CÁINEANN SÍ an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin AGUS IS OTH LÉI na héifeachtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus daonnúla atá aige, lena n-áirítear an tionchar diúltach atá aige ar an turasóireacht, i measc earnálacha eile, go háirithe i dtíortha atá i bhfoisceacht na hÚcráine.

11. AITHNÍONN SÍ gur léiríodh, in éiceachóras na turasóireachta, dlúthpháirtíocht le dídeanaithe ón Úcráin, mar shampla trí chóiríocht shealadach a chur ar fáil do shaoránaigh athlonnaithe, trí thacú lena lánpháirtiú agus, i gcás inar féidir, trí dheiseanna fostaíochta a chur ar fáil.

12. IS CÚIS BHUARTHA DI GO bhFUIL ualach trom ar sholáthar agus ar inacmhainneacht seirbhísí taistil agus fáilteachais de bharr an boilsciú a bheith ard, praghsanna fuinnimh agus táirgí bia a bheidh ag ardú, cur isteach a bheith ar shlabhraí soláthair, agus neamhshlándáil a bheith ann de bharr an fhogha mhíleata faoin Úcráin.

13. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an tionchar tromchúiseach atá ag na teorainneacha ar thaisteal, ar oibríochtaí agus ar phraghsanna iompair paisinéirí ar fud na mBallstát uile, lena n-áirítear eitiltí agus cúrsálacha, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

**An fhís don todhchaí**

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil an t-éiceachóras turasóireachta faoi réir dálaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus atá ag athrú go tapa agus a dhéanann difear dá shamhlacha gnó traidisiúnta.

15. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá níos mó trédhearcachta a thabhairt isteach sa chaidreamh idir óstaigh, ardáin ar líne agus comhlachtaí poiblí, chun sonraí iontaofa a chur ar fáil maidir le cóiríocht ar chíos gearrthéarma; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá bailiú agus comhroinnt sonraí i ndeighleog na cóiríochta ar chíos gearrthéarma, a chabhraíonn le héiceachóras turasóireachta atá cothrom a chur chun cinn; sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún maidir le comhchreat rialála AE le haghaidh cóiríocht ar chíos ghearrthéarma.

16. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór na haistrithe digiteacha agus glasa san éiceachóras turasóireachta, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú, a bheith bunaithe ar chomhar idir geallsealbhóirí ar fud na n-earnálacha agus gníomhaithe poiblí agus príobháideacha ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

17. CUIREANN SÍ SAN ÁIREAMH gur mhéadaigh paindéim COVID-19 agus an ghéarchéim fuinnimh an t-aitheantas do chuspóirí inbhuanaitheachta i measc shaoránaigh an Aontais agus ar fud an domhain araon, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar gheallsealbhóirí turasóireachta leas a bhaint as toilteanas roinnt mhaith Eorpach a nósanna taistil agus turasóireachta a athrú ionas go mbeidh siad níos inbhuanaithe agus níos freagraí.

18. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS gur chruthaigh go leor gnólachtaí go bhfuil siad in ann coigeartú agus nuáil a dhéanamh go tapa i ndáil lena seirbhísí agus lena dtáirgí, lena n-acmhainní agus lena sprioc-mhargaí in imthosca eisceachtúla; MEASANN SÍ gur féidir le tuilleadh scileanna saothair agus solúbthachta gnó a bheith ina n-ionstraimí le haghaidh éiceachóras turasóireachta níos athléimní agus níos inbhuanaithe.

19. TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar an tábhacht a bhaineann le turasóireacht intíre, trasteorann agus laistigh den Aontas chun athléimneacht a chothú do chinn scríbe, do ghnólachtaí agus do sheirbhísí.

20. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) eolas agus dea-chleachtais a mhalartú chun straitéisí turasóireachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar leibhéil éagsúla rialachais, agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil, chultúrtha agus shóisialta na turasóireachta á cur san áireamh agus lena n-áirítear peirspictíochtaí na gcuairteoirí agus na gcónaitheoirí áitiúla, gníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagrú maidir le téamaí amhail tairbhí an chlaochlaithe ghlais agus dhigitigh, an t-éileamh ar thairiscintí inbhuanaithe, riachtanais nua scileanna agus turgnamh sa turasóireacht, agus foráil a dhéanamh maidir le cosaint an chultúir áitiúil, lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe;

(b) cuidiú le hathléimneacht a fhorbairt san éiceachóras turasóireachta ar fud earnálacha agus gníomhaithe poiblí agus príobháideacha éagsúla;

(c) rannchuidiú le haistriú glas an éiceachórais turasóireachta maidir leis an méid seo a leanas:

i. iompar, e.g. trí thacú le dícharbónú na soghluaisteachta, trí nuálaíochtaí, trí theicneolaíochtaí nua agus ceannródaíocha, trí thaisteal ilmhódach a fhorbairt agus trí mhéadú a dhéanamh ar tharraingteacht modhanna inbhuanaithe iompair do phaisinéirí, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na limistéar imeallach, na limistéar is lú rochtain, na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí; agus trí mhodhanna soghluaisteachta gníomhacha a chur chun cinn, amhail rothaíocht agus fánaíocht, agus tréimhsí fanachta níos faide a spreagadh;

ii. oibríochtaí níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe ag bunaíochtaí turasóireachta ar fud an éiceachórais, lena n-áirítear ó áiteanna a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu, seirbhísí fáilteachais, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas;

iii. critéir ábhartha maidir le soláthar poiblí glas a úsáid chun seirbhísí a bhaineann leis an turasóireacht a sholáthar, amhail imeachtaí, fáilteachas agus taisteal;

iv. dálaí agus dreasachtaí a chruthú chun ciorclaíocht na seirbhísí turasóireachta a fheabhsú i gcomhréir le spriocanna uile-Aontais agus náisiúnta maidir le dramhaíl bhia agus deighilt dramhaíola, lena n-áirítear úsáid níos lú a bhaint as plaisteach aon úsáide;

v. tacú le turasóireacht inbhuanaithe maidir le bainistiú uisce, éifeachtúlacht fuinnimh, acmhainneacht sláintíochta agus cosaint na bithéagsúlachta;

(d) an t-aistriú digiteach sa turasóireacht a éascú agus tacú le tionscal na turasóireachta agus le bainistiú inbhuanaithe na gceann scríbe, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise cuimsithí ar líne maidir leis an tairiscint turasóireachta, i ndáil le hábhair lena n-áirítear an inbhuanaitheacht, an inrochtaineacht agus na spriocphobail;

ii. i gcomhar leis an gCoimisiún, iarrachtaí a dhéanamh atá dírithe ar dhoiciméid taistil a dhigitiú, i gcomhréir le hinniúlachtaí na mBallstát, agus, i gcás inarb infheidhme, indéanta agus go bhfuil údar cuí leis, úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha, amhail an creat atá ann cheana maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais[6];

iii. tacú le hacmhainneachtaí agus scileanna digiteacha FBManna turasóireachta chun táirgí, seirbhísí agus cumarsáid éifeachtach turasóireachta lena gcliaint a sholáthar;

iv. na sonraí is gá a chur ar fáil don Choimisiún maidir le faisnéis taistil, lena n-áirítear le haghaidh an ardáin 'Re-open EU';

---

6 Rialachán (AE) 2021/953.

(e) tacú le nuálaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme in earnáil na turasóireachta, i dtionscadail taighde agus nuálaíochta (T & N) agus in iarrachtaí ildisciplíneacha chun samhlacha agus cleachtais inaistrithe a fhorbairt don turasóireacht inbhuanaithe;

(f) obair a dhéanamh chun feabhas a chur ar infhaighteacht staidrimh agus ar chomhroinnt sonraí idir-inoibritheach ar gach leibhéal is ábhartha don éiceachóras turasóireachta;

(g) tacú le forbairt cháilíocht an oideachais agus na scileanna a theastaíonn ón lucht saothair turasóireachta, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú ag an am céanna, agus iarracht á déanamh ar son na cothroime, an chomhionannais agus an chuimsithe shóisialta i bpoist turasóireachta, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar tharraingteacht na fostaíochta ar ardchaighdeán in earnáil na turasóireachta agus ar riachtanais ar leith na n-oibrithe séasúracha;

(h) inrochtaineacht seirbhísí turasóireachta a chur chun cinn do gach grúpa a bhfuil riachtanais shonracha acu;

(i) tionchar na turasóireachta ar cháilíocht saoil na bpobal áitiúil a chur san áireamh ina gcuid beartas, a mhéid a bhaineann le dlúthpháirtíocht agus turasóireacht fhreagracht;

(j) an t-aistriú a chothú san éiceachóras turasóireachta, trí bhealaí éagsúla tacaíochta lena gcuimsítear, i measc nithe eile, úsáid chliste acmhainní airgeadais an Aontais dá bhforáiltear sna cláir agus sna pleananna atá ann cheana arna nglacadh laistigh de theorainneacha bhuiséad an Aontais atá i bhfeidhm, i gcomhréir le straitéisí náisiúnta turasóireachta agus leis an gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030;

(k) páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme Chlár Oibre Turasóireachta na hEorpa 2030 mar a leagtar amach sna conclúidí seo.

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) páirt a ghlacadh, i gcomhar leis na Ballstáit, na cinn scríbe agus na geallsealbhóirí turasóireachta eile, i gcur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh don Turasóireacht 2030, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

i. an próiseas cur chun feidhme laistigh den Chonair Aistrithe le haghaidh na Turasóireachta;

ii. comhar trasearnála a chur chun cinn ar fud réimsí beartais ábhartha an Aontais (e.g. iompar, beartas réigiúnach, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, cultúr agus, i gcás inarb ábhartha, sláinte) chun timpeallacht bheartais atá comhleanúnach agus fabhrach a chruthú don turasóireacht;

iii. samhlacha rialachais a fhorbairt agus a chur chun cinn, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha náisiúnta agus áitiúla uile, chun cinn scríbe a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus éagsúlaithe trí mhalartuithe eolais agus dea-chleachtas a éascú; agus

iv. ardáin a bhunú le haghaidh staidéar, forbairt eolais, bailiú agus malartú dea-chleachtas, chun faisnéis a sholáthar maidir le pobail, líonraí, tionscadail leanúnacha agus a dtorthaí, imeachtaí tráthúla, deiseanna oiliúna agus maoinithe, etc.;

(b) faisnéis taistil atá éasca a úsáid agus a nuashonraítear go rialta a chur ar fáil i gcásanna eisceachtúla, lena n-áirítear tríd an ardán 'Re-open EU';

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála maidir le cearta paisinéirí agus taisteal láneagraithe, chun a áirithiú go mbeidh sé athléimneach i gcoinne briseadh forleathan ar sheirbhísí iompair, agus na rioscaí a bhaineann le géarchéim leachtachta a mheas freisin;

(d) Deais Turasóireachta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme agus, i gcás inarb infheidhme, a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le faireachán ar ghnéithe comhshaoil, digiteacha agus socheacnamaíocha na turasóireachta;

(e) tacú le hidirphlé agus comhar idir údaráis phoiblí agus geallsealbhóirí príobháideacha turasóireachta an Aontais ar gach leibhéal;

(f) tacú le digitiú FBManna trí dhea-chleachtais maidir le huirlisí agus cleachtais dhigiteacha don turasóireacht a bhailiú agus a chomhroinnt;

(g) deiseanna maoinithe ábhartha a shainaithint do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí trí bhuiséad reatha an Aontais agus trí fhoinsí eile chun oibriú i dtreo na gcuspóirí a aithnítear sa Chlár Oibre seo, trí nuashonrú rialta a dhéanamh ar an 'Treoir maidir le maoiniú AE don turasóireacht' agus ar mhodhanna eile;

(h) tacú le gníomhaíochtaí múscailte feasachta do shaoránaigh agus do gheallsealbhóirí turasóireachta maidir le tairbhí an chlaochlaithe ghlais agus dhigitigh, éileamh tomhaltóirí ar thairiscintí inbhuanaithe, forbairt scileanna nua, treoirthionscadail nuálacha sa turasóireacht agus dearadh agus tástáil ar úsáid modheolaíochtaí lorg comhshaoil don éiceachóras turasóireachta;

(i) tacú le cláir forbartha acmhainní agus le modhanna éagsúla cúnaimh ionas go mbeidh FBManna ag gabháil do chleachtais agus scéimeanna atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(j) comhoibriú leis na Ballstáit chun a áirithiú go soláthrófar sonraí staidrimh turasóireachta comhdhlúite, lena n-áirítear eilimintí agus táscairí a bhaineann le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil, i gcomhar le gníomhaithe an Chórais Staidrimh Eorpaigh;

(k) tacú leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí turasóireachta cleachtais idir-inoibritheacha comhroinnte sonraí a chur chun feidhme;

(l) tacú leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha sa turasóireacht leis an saineolas agus a taithí atá aige, agus obair leantach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030 faoi chuimsiú na Conaire Aistrithe le haghaidh na Turasóireachta trí aiseolas bliantúil ó shaineolaithe ó na Ballstáit sa Choiste Comhairleach Turasóireachta (TAC);

(m) obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme Chlár Oibre Turasóireachta na hEorpa 2030 agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle gach 3 bliana ar a laghad.

22. IARRANN SÍ ar gheallsealbhóirí turasóireachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme Chlár Oibre Turasóireachta na hEorpa 2030, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit, agus feasacht á múscailt dá gcomhpháirtithe agus dá gcustaiméirí agus cur lena saineolas agus lena dtaithí chun an t-aistriú turasóireachta a chur chun feidhme agus an t-eolas agus na torthaí a baineadh amach á scaipeadh ag an am céanna;

(b) i gcás inarb ábhartha, gealltanas nithiúil a thabhairt, ar bhonn deonach, do chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gConair Aistrithe Turasóireachta mar thacaíocht do Phlean Oibre Ilbhliantúil an Aontais maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

## <u>Iarscríbhinn</u>: Plean Oibre Ilbhliantúil an Aontais maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030

Déantar cur síos i bPlean Oibre Ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030 ar ghníomhaíochtaí nithiúla deonacha ba cheart do na Ballstáit, na húdaráis phoiblí ábhartha, an Coimisiún, agus geallsealbhóirí eile san éiceachóras turasóireachta, a dhéanamh agus a spreagadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus laistigh de shainchúram a n-inniúlachtaí. Leis na gníomhaíochtaí agus na haschuir atá beartaithe, cuirtear treoir straitéiseach ar fáil chun dul chun cinn an Chláir Oibre a leanúint i gcúig cinn de réimsí tosaíochta. Mura sonraítear a mhalairt, leanann spriocdháta na n-aschur raon feidhme agus amlíne an Chláir Oibre Eorpaigh don Turasóireacht 2030.

### Réimse tosaíochta: Creat beartais cumasúcháin agus rialachas

| Príomhábhar | Spriocanna agus cuspóirí | Gníomhaíochtaí agus freagrachtaí | Aschur / spriocdháta |
|---|---|---|---|
| **Bearta cothroma do chóiríocht ar chíos gearrthéarma (STRanna)** | Margadh trédhearcach Aontais don STR, lena gcuirfear iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí chun cinn, lena gcruthófar deiseanna agus lena gcuirfear leis an turasóireacht inbhuanaithe. | Na Ballstáit agus an Coimisiún chun creat an Aontais don chóiríocht ar chíos gearrthéarma a neartú chun trédhearcacht a fheabhsú, chun é a dhéanamh níos cothroime agus chun rochtain ar an margadh a fheabhsú.<br>Na Ballstáit chun tacú leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla. | Creat coiteann ar leibhéal an Aontais don ghearrthéarma. |
| **Staidreamh agus táscairí don turasóireacht** | Infhaighteacht agus cumhdach staidrimh turasóireachta a fheabhsú chun tionchar eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil na turasóireachta a chur san áireamh.<br>Feabhas a chur ar an rochtain ar shonraí príobháideacha agus ar shonraí ar leibhéal ceann scríbe chun staidreamh oifigiúil maidir le turasóireacht a tháirgeadh, agus rialacha maidir le cosaint sonraí agus leasanna dlisteanacha tráchtála á n-urramú. | Gníomhaithe an Chórais Staidrimh Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha comhchuibhithe maidir le bailiú sonraí ar staidreamh turasóireachta.<br>Tionscal na turasóireachta, údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus eagraíochtaí bainistíochta ceann scríbe (DMOanna) chun machnamh a dhéanamh ar shásraí bailithe agus comhroinnte sonraí a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe freisin do chomhiomlánú oifigiúil an staidrimh turasóireachta.<br>An Coimisiún chun Deais Turasóireachta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme chun tacú le faireachán ar ghnéithe comhshaoil, digiteacha agus socheacnamaíocha na turasóireachta. | Creat athbhreithnithe an Aontais maidir le staidreamh turasóireachta lena n-áirítear táscairí maidir le tionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta na turasóireachta faoi 2030.<br>Deais Turasóireachta an Aontais Eorpaigh lena gcuirtear táscairí ar fáil go poiblí maidir leis an aistriú glas agus digiteach agus athléimneacht shocheacnamaíoch ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Straitéisí cuimsitheacha turasóireachta a fhorbairt nó a nuashonrú** | Cur chuige straitéiseach i leith na turasóireachta ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun breithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil, chultúrtha agus shóisialta na turasóireachta. | An Coimisiún agus na Ballstáit chun comhroinnt eolais agus dea-chleachtas a éascú. | Malartú dea-chleachtais.<br>Samplaí de straitéisí cuimsitheacha turasóireachta le bheith ag na Ballstáit nó ag a bpríomhréigiúin turasóireachta faoi 2025. |
| **Bainistíocht chomhoibríoch agus sonraí- bhunaithe ceann scríbe** | Raon feidhme na n-eagraíochtaí bainistíochta ceann scríbe turasóireachta a leathnú go cinnteoireacht chomhoibríoch sonraíbhunaithe ina mbeidh na geallsealbhóirí uile páirteach, lena n-áirítear na cónaitheoirí áitiúla. | An Coimisiún chun dámhachtainí a chur ar fáil le haghaidh bainistíocht ceann scríbe chliste agus inbhuanaithe.<br>An Coimisiún agus na Ballstáit chun tacú leis cinn scríbe a samhlacha rialachais áitiúla a fhorbairt. | Dámhachtainí ceann scríbe. Staidéar ón gCoimisiún maidir le samhlacha rialachais DMO san Aontas; pobal cleachtais agus bosca uirlisí le haghaidh bainistíocht ceann scríbe faoi 2023. |

## Réimse tosaíochta: An t-aistriú glas

| Príomhábhar | Spriocanna agus cuspóirí | Gníomhaíochtaí agus freagrachtaí | Aschur / spriocdháta |
|---|---|---|---|
| **Ciorclaíocht na seirbhísí turasóireachta a fheabhsú** | Lorg comhshaoil na seirbhísí turasóireachta a laghdú (dramhaíl bhia/ghinearálta, éifeachtúlacht uisce/fuinnimh agus truailliú). | An Coimisiún agus na Ballstáit chun tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí turasóireachta chun a lorg comhshaoil a laghdú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais agus chun tacú le feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus uisce agus ar acmhainneacht sláintíochta. | Eagraíochtaí turasóireachta/fáilteachais chun dramhaíl a laghdú i gcomhréir leis an Treoir maidir le Dramhaíl 2008/98/CE. |
| **Tacú le haistriú glas cuideachtaí turasóireachta agus FBManna** | Cuideachtaí turasóireachta a spreagadh chun cleachtais níos glaise a ghlacadh tríd an éileamh ar sheirbhísí glasa ó ghníomhaithe poiblí a mhéadú agus scéimeanna a chur chun cinn a thacaíonn leis an lorg comhshaoil a mheasúnú, a rianú agus a laghdú. Tacaíocht a chur ar fáil do FBManna chun dul i mbun cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol chun a áirithiú nach mbeidh an méid sin ina bhacainn ar thrádáil. | An Coimisiún agus na Ballstáit chun na critéir ábhartha maidir le soláthar poiblí glas (SPG) a úsáid i gcás inarb infheidhme agus seirbhísí a bhaineann leis an turasóireacht á soláthar acu (imeachtaí, fáilteachas, taisteal). An Coimisiún, na Ballstáit agus leibhéil ábhartha eile na n-údarás poiblí chun tacaíocht a chur ar fáil do FBManna chun páirt a ghlacadh i gcleachtais agus scéimeanna atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, amhail EMAS, Éicilipéad an AE, éicilipéad eile de chineál I EN ISO 14024 nó lipéid dheonacha choibhéiseacha atá fíoraithe ag tríú páirtí. | Níos mó úsáide a bhaint as na critéir ábhartha SPG agus seirbhísí éiceachórais turasóireachta á gceannach; méadú ar líon na n-eagraíochtaí turasóireachta atá cláraithe faoi EMAS; méadú ar líon na seirbhísí turasóireachta nó cóiríochta faoi Éicilipéad an Aontais ar bronnadh éicilipéad EN ISO 14024 cineál I nó lipéid dheonacha choibhéiseacha orthu. |
| **Tionscadail taighde agus nuálaíochta agus treoirthionscadail maidir le turasóireacht chiorclach inbhuanaithe** | Tacú le comhar poiblí-príobháideach maidir le tionscadail taighde agus nuálaíochta agus treoirthionscadail lena bhforbraítear samhlacha agus cleachtais inaistrithe don turasóireacht inbhuanaithe. | An Coimisiún agus na Ballstáit chun tacú le forbairt samhlacha agus cleachtas inaistrithe le haghaidh na turasóireachta inbhuanaithe; DMOanna agus leibhéil ábhartha na n-údarás poiblí chun tacú le treoirthionscadail mhórscála a bhunú maidir leis an turasóireacht inbhuanaithe ar fud an Aontais, lena n-áirítear ar oileáin agus sna réigiúin is forimeallaí. | Samhlacha turasóireachta ciorclacha agus inbhuanaithe atá bailíochtaithe agus inaistrithe; dea-chleachtais maidir le treoirthionscadail ceann scríbe bunaithe ar samhlacha iomlánaíocha ciorclacha. |

## Réimse tosaíochta: An t-aistriú digiteach

| Príomhábhar | Spriocanna agus cuspóirí | Gníomhaíochtaí agus freagrachtaí | Aschur / spriocdháta |
|---|---|---|---|
| **FBManna turasóireachta a dhigitiú** | Úsáid éifeachtach uirlisí digiteacha ag FBManna agus micrifhiontair turasóireachta le haghaidh bainistíocht acmhainní, próisis oibre inmheánacha, soláthar seirbhísí, margaíocht, cumarsáid le cliaint agus slabhraí soláthair agus forbairt seirbhísí nua. | An Coimisiún, na Ballstáit, na húdaráis phoiblí ábhartha eile agus na DMOanna chun feasacht a mhúscailt i measc FBManna turasóireachta faoi thairbhí an digitithe agus tacú le FBManna turasóireachta agus gnólachtaí nuathionscanta trí chláir dhigitithe; An Coimisiún chun tacú le digitiú FBManna trí dhea-chleachtais maidir le huirlisí agus cleachtais dhigiteacha le haghaidh na turasóireachta a bhailiú agus a chomhroinnt. | bunleibhéal déine digití le bheith bainte amach ag FBManna turasóireachta faoi 2030 i gcomhréir le cuspóirí an Chompáis Dhigitigh; bailiúchán inchuardaithe maidir le huirlisí agus cleachtais dhigiteacha inaistrithe le haghaidh na turasóireachta le bheith foilsithe ag an gCoimisiún faoi 2023; Seirbhísí comhairleacha an Líonra Fiontar Eorpaigh chun tacú le FBManna turasóireachta. |
| **Comhroinnt sonraí poiblí chun seirbhísí nuálacha turasóireachta a spreagadh** | Comhroinnt sonraí atá ábhartha don turasóireacht a spreagadh agus páirt a ghlacadh inti chun tacú le seirbhísí nuálacha. | Údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus DMOanna chun tacair sonraí oscailte atá ábhartha do sheirbhísí turasóireachta a fhoilsiú — sonraí ar iompar poiblí, bailiúcháin músaem agus cuairteoirí, etc. | Samplaí de thacair shonraí poiblí oscailte i réigiúin shuntasacha turasóireachta faoi 2025, ar féidir iad a úsáid chun seirbhísí a bhaineann leis an turasóireacht a fhorbairt. |
| **Tionscadail taighde agus nuálaíochta agus treoirthionscadail maidir le huirlisí agus seirbhísí digiteacha sa turasóireacht** | Tacú le comhar poiblí-príobháideach maidir le tionscadail taighde agus nuálaíochta agus treoirthionscadail lena bhforbraítear úsáid nuálach agus inbhuanaithe uirlisí digiteacha agus cleachtas digiteach sa turasóireacht. | An Coimisiún, na Ballstáit agus údaráis phoiblí ábhartha eile chun tacú le bainistíocht ceann scríbe atá sonraíbhunaithe inbhuanaithe. An Coimisiún agus na Ballstáit chun tacú le seirbhísí nuálacha turasóireachta trí leas a bhaint as ardteicneolaíochtaí (an réaltacht fhíorúil/breisithe, an intleacht shaorga) agus an oidhreacht chultúrtha dhigiteach agus dhigitithe. | Dea-chleachtais chun faireachán a dhéanamh ar acmhainneacht iompair agus ar fholláine cónaitheoirí áitiúla faoi 2025; samplaí de sheirbhísí agus de chomhpháirtíochtaí nuálacha chun eispéiris turasóireachta a chur ar fáil trí réaltacht fhíorúil, fhadaithe agus bhreisithe, olltiomsaithe agus IS faoi 2025. |

## Réimse tosaíochta: Athléimneacht agus cuimsiú

| Príomhábhar | Spriocanna agus cuspóirí | Gníomhaíochtaí agus freagrachtaí | Aschur / spriocdháta |
|---|---|---|---|
| **Inrochtaineacht seirbhísí turasóireachta** | Cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch a fheabhsú, agus daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí eile a bhfuil riachtanais shonracha acu á gcur san áireamh. | An Coimisiún, na Ballstáit, údaráis phoiblí ábhartha eile agus DMOanna chun feasacht a mhúscailt faoi thábhacht na hinrochtaineachta sa turasóireacht d'fhonn feabhas a chur ar inrochtaineacht seirbhísí turasóireachta inrochtana agus d'fhonn dálaí fabhracha a chruthú do na seirbhísí sin. | Méadú ar an tairiscint i seirbhísí turasóireachta inrochtana. |
| **Seirbhísí agus cinn scríbe turasóireachta athléimneacha an Aontais** | Feabhas a chur ar athléimneacht sheirbhísí agus cinn scríbe turasóireachta an Aontais chun freastal ar lucht féachana éagsúil i ngach séasúr agus in áiteanna éagsúla. | An Coimisiún agus na Ballstáit agus údaráis phoiblí ábhartha eile chun cineálacha éagsúla tacaíochta a chur ar fáil chun cabhrú le cinn scríbe, cuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta a gcuid seirbhísí turasóireachta a éagsúlú, go háirithe i gcaitheamh na séasúr éagsúil agus in áiteanna éagsúla. | Seirbhísí agus cinn scríbe níos athléimní, agus is fearr atá in ann i gcoinne suaití. |
| **Nuálaíocht inbhuanaithe i seirbhísí turasóireachta** | An tAontas a chur chun cinn mar cheann scríbe a fhreastalaíonn ar éilimh athraitheacha na turasóireachta agus a choinníonn san am céanna dea-bhail na gcónaitheoirí agus a dtimpeallacht. | An Coimisiún agus na Ballstáit agus na húdaráis phoiblí ábhartha eile chun cineálacha éagsúla tacaíochta a chur ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí, gnólachtaí nuathionscanta agus pobail áitiúla dul i mbun nuálaíochta le seirbhísí turasóireachta inbhuanaithe athléimneacha, a mbeidh glantionchar dearfach acu ar chónaitheoirí agus ar bhealaí áitiúla maireachtála. | Seirbhísí nuálacha turasóireachta chun freastal ar chineálacha nua éilimh turasóireachta agus meas á léiriú san am céanna ar riachtanais inbhuanaitheachta fhadtéarmacha na gcónaitheoirí agus an chomhshaoil. |

## Réimse tosaíochta: Scileanna agus tacaíocht don aistriú

| Príomhábhar | Spriocanna agus cuspóirí | Gníomhaíochtaí agus freagrachtaí | Aschur / spriocdháta |
|---|---|---|---|
| **Feasacht a mhúscailt maidir le riachtanais agus deiseanna don dá aistriú sa turasóireacht** | Feasacht a mhúscailt maidir le hathruithe ar an éileamh ar thurasóireacht, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an dá aistriú do ghníomhaithe turasóireachta, chomh maith le scileanna agus cuir chuige a chuidíonn le hathléimneacht a mhéadú. | An Coimisiún, na Ballstáit agus na húdaráis phoiblí ábhartha eile agus DMOanna chun gníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagrú do gheallsealbhóirí turasóireachta agus tacú le líonrú agus comhroinnt dea-chleachtais ag cathracha san Aontas a bhfuil duaiseanna buaite acu don turasóireacht chliste, cultúr agus oidhreacht, inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus inrochtaineacht. | An chonair aistrithe turasóireachta le scaipeadh in 2022; múscailt feasachta maidir leis an aistriú digiteach agus glas chomh maith le hathléimneacht, malartú dea-chleachtas agus cur chun cinn imeachtaí. |
| **Comhshocrú um scileanna sa turasóireacht** | Freastal ar an éileamh ar scileanna san éiceachóras turasóireachta trí rannpháirtíocht sa Chomhshocrú um scileanna sa turasóireacht a chur chun feidhme agus a leathnú d'fhonn forbairt scileanna a spreagadh go gníomhach agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil don lucht saothair, do dhaoine dífhostaithe agus do FBManna. | An Coimisiún, na Ballstáit agus údaráis phoiblí ábhartha eile chun bunú comhpháirtíochtaí scileanna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a éascú agus tacú leo nuair is féidir agus i gcomhréir leis an gcreat atá ann cheana; an Coimisiún chun rannpháirtíocht cuideachtaí turasóireachta, soláthraithe oideachais, ceardchumainn agus eagraíochtaí eile a éascú chun gealltanas a thabhairt i leith spriocanna oiliúna arna gcomhaontú go comhpháirteach le haghaidh a lucht saothair, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta; Na Ballstáit chun tacú le comhpháirtíochtaí scileanna chun cúrsaí mearoiliúna, scéimeanna printíseachta agus samhlacha cumaiscthe a bhunú do dhaoine dífhostaithe agus do chuardaitheoirí poist. | Comhpháirtíochtaí scileanna réigiúnacha agus áitiúla le bunú i réigiúin shuntasacha turasóireachta faoi 2024.<br><br>Faoi 2030, páirt a bheith glactha ag cuid shuntasach den lucht saothair turasóireachta in oiliúint i gcomhréir le spriocanna an Chomhshocraithe um scileanna sa turasóireacht. |
| **Ardán tacaíochta comhtháite le haghaidh páirtithe leasmhara in earnáil na turasóireachta** | Cuidiú le páirtithe leasmhara in earnáil na turasóireachta teacht ar fhaisnéis, maoiniú agus tacaíocht agus naisc le piaraí agus le saineolaithe atá ábhartha agus tráthúil. | An Coimisiún chun ardán tacaíochta do pháirtithe leasmhara a bhunú chun comhroinnt, rochtain ar acmhainní, agus comhoibriú ar fud earnálacha na turasóireachta agus idir gníomhaithe a éascú.<br>Na Ballstáit, agus údaráis phoiblí ábhartha eile agus DMOanna chun a bpáirtithe leasmhara a chur ar an eolas agus faisnéis ábhartha faoina dtorthaí, faoina n-imeachtaí agus faoina n-acmhainní do lucht féachana Eorpach a chomhroinnt tríd an ardán agus trí bhealaí faisnéise eile. | Ardán tacaíochta do pháirtithe leasmhara le seoladh faoi 2023 ar a ndéanfar faisnéis a chomhroinnt go rialta, ar a mbeidh ábhar arna fhorbairt go comhpháirteach agus gníomhaíochtaí pobail. |